

Scéalta do shealgairí agus iascairí

Marija Jovchevska



Aistriúchán: Diarmuid Clifford

focailleile
|||

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



drugizborovi
|||

Scéalta do shealgairí agus iascairí

1.

Réamhscéal

Thart ar 40 nóiméad a thógann sé tiomáint ó mo chathair féin chomh fada le loch gleoite áirithe. Ní maith liom a bheith ag snámh sa loch sin, mar go mbíonn puiteach san uisce thíos ag an mbruach. I mí na Bealtaine agus ag tús mhí an Mheithimh, bíonn an t-uisce sa loch fuar mar go mbíonn an sneachta leáite ag sileadh anuas ann ó na sléibhte. I mí an Mheithimh agus mí Iúil, dath glas a bhíonn ar an uisce, mar gheall ar an mblás algach. Agus i mí Lúnasa, fásann na halgaí sin chomh mór go dtagann siad chomh fada le barr an uisce. Ní maith liom a bheith ag snámh tríothu. Bíonn siad mar a bheadh lámha ann, ag iarraidh tú a fháil i ngreim agus tú a tharraingt go tóin an locha. Ach is bia breá iad na halgaí i gcomhair éisc.

Bíonn an-chuid feithidí ann, agus éin, faoileáin, roinnt ealaí fáin, cailleacha dubha, fáinleoga agus gealbhain. Go luath san fhómhar, éiríonn dromchla an uisce dorcha. Bíonn lachain fhiáine ag snámh thart. Cuireann siad cantal ar mo dhaid. Bíonn siad ag tumadh sa loch agus beireann siad ar iasc. Siúd é féin fágtha agus a shlat iascaireachta díomhaoin.

Bláthanna álainn agus crainn bhreátha.

Áit a mbíonn uisce, plandaí, coillte agus fiailí, bíonn go leor speicis ainmhíocha ann freisin.

Bíonn na héisc flúirseach sa loch. Aon pheileacán amháin, mar shampla, itheann sé idir cúig agus deich gcileagram éisc in aghaidh an lae. Uisce geal glan atá sa loch, gan aon mhonarchana in aice leis. Ach d'fhéadfadh an t-uisce dorcha sin dallamullóg a chur ort. Tá sé chomh dorcha sin mar gheall go bhfuil sé beo le planctóin.

Astaíonn an loch gás nádúrtha, Radón. Cuidíonn sé cur i gcoinne na ngalar a bhuaileann na scamhóga agus na néaróga.

Níl a fhios agam conas é seo a mhíniú duit: an cineál éigin liombó neamhaí é an loch nó an é go bhfuil asarlaíocht agus draíocht ar bun ag duine éigin anseo?

2.

Scéal faoin mBumbóg

Mí na Bealtaine a bhí ann. Thart timpeall ar mheán lae, ní ba theo fós a d'éirigh an lá. Chuir mo dhaid an tslat iascaireachta i leataobh agus dúirt sé go bhfuil an sneachta ag leá go fóill agus go bhfuil an t-uisce fuar, agus mar sin nach bhfuil na héisc ag teannadh leis an mbruach.

Shuigh muid faoi chrann saileach ar foscadh ón ngrian agus d'ith muid ceapairí.

Bhí Bumbóg ag eitilt thart timpeall orainn. Ceann de na bumbóga móra sin a bhí inti, agus stríoca dubha agus dúbhuí thart timpeall na colainne uirthi.

Cosúil le héileacaptar beag a bhí sí, a cheap mise.

Bhí sí ag eitilt i ngar dúinn, agus í ag seasamh ar phlandaí ísle, na cinn a mbíonn a gcuid duilleog ag cuimilt na talún.

Shocraigh muid beir ar an mBumbóg agus í a thabhairt linn abhaile. Bhí muid ag rith ina diaidh le mála plaisteach, ach diabhal maith a rinne muid. Thug muid fúithi ón taobh clé agus d'eitil sí ar dheis, thug muid sciúird fúithi óna haghaidh amach agus féach siar í.

Tar éis dúinn tamall a chaitheamh ag rith ina diaidh ar an trá, a lán allais curtha againn agus muid ar sheilg fhánach, shuigh muid síos agus arsa daid: "D'fhéadfadh muid a bheith ag dul ina diaidh go brách ar an gcaoi seo. Ní éireoidh go deo linn. Bíodh muid inár shealgairí cliste, inár n-iascairí cliste.

An bhfuil a fhios agat cén chaoi ar cheansaigh Alastar Mór Bukefal? Bhí faitíos ar an gcapall roimh a scáil féin. Sin é an fáth ar chas sé a chloigeann i dtreo na gréine. Agus é ag marcaíocht ar an gcapall, ní raibh i gceist ach na scileanna marcaíochta." Nuair a bhí an Bhumbóg sách gar dúinn agus í tuirlingthe ar bhláth, chaith daid tuáille anuas uirthi go sciobtha, agus ansin, le hiarracht bheag de scil an tsealgaire agus an iascaire, d'éirigh linn í a chur isteach sa mhála. Thug muid abhaile linn í agus chuir muid i bpróca gloine í, próca a raibh poill sa chlaibín air, iad sách cúng le go ligfí an t-aer isteach is amach ach nach bhféadfadh an Bhumbóg éalú.

Agus í sáinnithe sa phróca, bhí an Bhumbóg á bualadh féin faoi na ballaí gloine agus ag crónán. Ba chúis bhróin dúinne é í a fheiceáil ag streachail go saonta ar thóir na sairse. D'oscail mé an próca, d'iompaigh mé bunoscionn é agus d'éalaigh an Bhumbóg. Bhí jab aici eitilt ar feadh soicind nó dhó, ach ba ghearr gur thosaigh an héileacaptar beag ag crónán go tréan agus as go brách leis an mBumbóg.

Ar an mbalcóin a bhí muidne, ag breathnú uirthi ag éalú.

D'fhiafraigh mé de dhaid an éireodh léi dul abhaile choíche, chuig an loch.

"Níl mé cinnte", a dúirt sé, "níl a fhios agam an éireoidh léi eitilt thar na cnoic arda agus thar an sliabh. Ach anseo fiú, tá foraois ann, tá bláthanna ann agus tá uisce glan geal ann."

D'fhág muid an próca gloine inár ndiaidh ar stiall stáin na balcóine.

3.

Scéal faoi na héisc

D'éirigh go geal leis an iascaireacht an lá sin. Rug na sealgairí agus na hiascairí oilte ar a lán iasc. An *belvica* (*Salmo ohridanus*), iasc fada slachtmhar atá blasta éadrom. An ghabháil róistí (*Rutilus rutilus*) ab iondúil linn a fháil, cúpla péirse (*Perca fluviatilis*) bhreátha, a gcuid gainní ar dhath gorm mar a bheadh *lapis lazuli* ann, ansin dubh, nó iad fionnbhuí agus ansin dúbhuí agus rian de gach dath eatarthu orthu.

An carbán crosach (*Carassius carassius*), iasc tiúchraicneach.

Choinnigh muid na héisc in eangach in uisce an locha. Thug muid linn buicéad corcra freisin, é líonta le huisce locha againn agus an clár dúnta air, sa chaoi is go bhféadfadh muid na héisc a thabhairt linn abhaile. Agus muid ar an mbealach, d'oscail muid clár an bhuicéid ceithre huair, ionas go mbeadh bealach isteach ag an aer úr.

Nuair a shroich muid an baile, chuir muid na héisc i ngabhdán mór plaisteach agus chuir muid uisce isteach ann.

An mhaidin dar gcionn, bhí na *belvici* tagtha go barr uisce, sínte ar a ndroim. D'ullmhaigh mo dhaid iad lena gcur sa bhosca oighir sa chuisneoir.

An chéad dá mhaidin eile, is é an rud ceannann céanna a bhí tarlaithe do na róistí agus na péirsí.

Ach tháinig na carbáin chrosacha slán. Thug mé bia dóibh, péisteanna agus grabhróga aráin. Níor ith siad iad. B'éigean dom an t-uisce a athrú, ós rud é gur thruailligh siad é leis an salachar óna bputóga.

Ach ba iad féin amháin a bhí fós beo!

Dúirt mo dhaid liom go bhfuil an-teacht aniar iontu. D'fhéadfaidís a bheith cúpla uair an chloig as an uisce, d'fhéadfá a bheith ag ceapadh go raibh siad marbh, agus ansin, nuair a chuireann tú ar ais san uisce iad, siúd iad ag snámh leo arís go sona sásta.

Ar feadh níos mó ná seachtain, níor ith na carbáin chrosacha chrua sin an bia a thug mé dóibh, is beag snámh a rinne siad, ach bhí siad beo, sách beo le snámh chun bealaigh uaim dá dtrialfínn méar a leagan orthu.

Tar éis tamaill, bhí orainn dul ar thuras. Agus ní raibh aon duine ann chun aire a thabhairt do na héisc. Mar sin, cuireadh na carbáin chrosacha sa reoiteoir, díreach mar a tharla do na héisc eile.

Is é an ceacht atá le baint as an scéal sin ná é seo: dá mhó an teacht aniar atá ionat, dá mhéad is féidir leat a láimhseáil, is ea is faide a bheidh tú ag fanacht i gcomhair an Bháis.

Agus ceacht eile: níl an fuacht sa reoiteoir ag brath ar an bhfuacht a thugann an Bás leis, ná ní théann an dá fhuacht sin i bhfeidhm ar a chéile.
Idir mé féin is tú féin, ní cúis mhachnaimh ar bith é an dara ceacht sin.

4.

Scéal faoi thurtar

Bhí mo dhaid ag piocadh orainn ó thús an turais. Ag dul ag an loch a bhí muid, le cairde a raibh teach samhraidh acu thíos sa ghleann ansin. Níorbh iondúil linn gan ceol a bheith air againn sa charr.

–Tá muid chun bheith ag crochadh thart le slua mór daoine. Beárbaiciú. An loch breac le héisc, ach réiteofar feoil: *kjebapi*, ispíní... Ní fhéadfá feoil a ithe ar lá chomh te seo. Bhí an loch chomh gar dúinn, é ach chomh fada uainn. Beidh gach duine ag tabhairt lámh chúnta ag an mbeárbaiciú. Amhail is go raibh a fhios ag gach duine conas is ceart an obair sin a dhéanamh. Agus sa deireadh, an bheoir. Meas tú cén chaoi a dtiomáinfidh siad abhaile ar ball?

Sin mar a bhí sé. Cúpla teaghlach, páistí. Bhí na daoine fásta ag ól beorach, agus deochanna súilíneacha a bhí ag na páistí. Slua. Torann.

Is do na haonaráin é síocháin an locha.

Ón ngrianán, bhí radharc againn ar an loch. Ní raibh bruach an locha le feiceáil. Bhí díonta tí idir muid agus é, agus barr na gcrann.

D'fhiafraigh mo dhaid díom an raibh mé ag iarraidh radharc a fháil ar an loch ó áit níos faide i gcéin, ó bharr an chnoic. Leithscéal maith a bhí ann chun éalú ón slua, mar bhí mé dubh dóite ag an lá.

Dhreach muid suas an cnoc – ní raibh fána ró-ghéar air – agus bhí crainn agus bláthanna le feiceáil uaidh sin, agus ceol na n-éan le cloisteáil.

"Bí cúramach," a dúirt daid, "tá go leor ainmhithe ann. Nathracha, gráinneoga agus sceartáin. Is álainn é an dúlra, ach ní mór duit a bheith cúramach."

Tháinig muid chomh fada le moinéar beag. Bhí an féar loiscthe ag an ngrian agus bhí clocha ar fud na háite ann. Agus céard a d'aimsigh muid? Turtair! A lán turtar! Bhí cuid acu chomh beag le mo lámh. Bhí cuid acu níos mó ná dhá lámh mo dhaid. Is sealgaire agus iascaire oilte mise, agus roghnaigh mé ceann de na turtair, ceann nach raibh ró-mhór ná ró-bheag, agus d'fhiafraigh mé de dhaid an bhféadfaimis ceann a thabhairt abhaile linn. Tháinig aoihb gháire air. Bhí cead agam, más ea.

Chuir muid an Turtar i mbosca, ar nós na mboscaí ina mbíonn bananaí. Chuir muid sean-nuachtáin ag taobhanna an bhosca agus ar a bhun. Ansin fuair muid bia, slisní cabáiste agus sailéad, agus fiú uisce i bpláta beag stáin.

Taobh leis an mbosca, bhí an próca gloine leagtha ansin agus poill sa chlaibín.

Ionas go bhféadfadh an Turtar bogadh thart, ba mhínic linn í a thógáil as an mbosca sa tráthnóna, agus ligean di siúl go mall trasna na balcóine agus ar ais, a cloigeann ag luascadh ó thaobh go taobh agus gan aird ar bith aici orainn.

"A fhad is go bhfuil teas breá fós sa lá, ag tús an fhómhair, tabharfaidh muid an Turtar ar ais chuig an loch. Mura féidir linn dul ansin, scaoilfidh muid léi san fhóraois in aice leis an gcathair," a dúirt mo dhaid.

Bhí mise sásta leis sin.

Ach, maidin amháin, bhí boladh bréan ag teacht ón mbalcóin. Bhí an bosca agus na nuachtáin fliuch báite. Shíl muid go raibh an Turtar tinn agus chuir muid glao ar an tréidlia. Cara le m'athair a bhí sa tréidlia. Mhínigh sé dúinn nach bhfuil an Turtar tinn ar chor ar bith, ach go bhfuil boladh bréan óna fual. Agus dá mba rud é go dtarlódh sé sin sa seomra, ar an gcairpéad, is é an t-aon rud amháin a d'fhéadfadh muid a dhéanamh ná an cairpéad a chaitheamh amach. Ní fhéadfaí é a ghlanadh. D'fhiafraigh an tréidlia dínn an bhféadfadh seisean an Turtar a thabhairt leis, agus ní raibh drogall ar bith orainn a rá leis go bhféadfadh sé. Ansin, le go leor substaintí ceimiceacha, glanadh an bhalcóin. Agus ba mar sin a bhí an scéal ar feadh tamaill.

Caitheadh an bosca sa bhruscar, agus bhí an boladh le fáil i bhfad uaidh. Ar ámharaí an tsaoil, ba é an samhradh a bhí ann, agus mar sin tugadh an bruscar chun siúil dhá uair sa lá.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, d'fhiafraigh muid den tréidlia cén áit ar scaoil sé saor an Turtar ar thalamh fhiáin. Bhí an chuma air go raibh mearbhall air. Dúirt sé nár scaoil sé saor ar chor ar bith í, go mbíonn feoil an turtair an-bhlasta, agus go n-úsáideann sé an fheoil sin chun béile breá a réiteach le fíon, oinniúin agus spíosraí eile.

Is é an t-aon ghealltanas amháin a bhí mé féin agus daid in ann a thabhairt dá chéile ná nach scaoilfeadh muid an rún choíche faoin áit ar aimsigh muid an Turtar.

5.

Scéal faoi Gandalf, an Coinín

Níl baint ar bith ag an scéal seo leis an loch.

Bíonn táirgí talmhaíochta éagsúla ar díol ar mhargadh sráide na cathrach, agus torthaí agus glasraí. Is deas an radharc é an margadh, gach uile shórt dathanna ann agus uaireanta cineálacha éagsúla bolaidh freisin, gairleog, cairéid, torthaí aibí.

I roinnt cúinní de, bíonn earraí potaireachta, uirlisí, tae agus luibheanna leighis ar díol.

Ar shiúl ó gach duine, i gcúinne amháin, bhí tuathánach a raibh rian na gaoithe ar a lámha agus rian na gréine ar a éadan, ag díol hanlaí adhmaid i gcomhair tuanna agus pící, uibheacha baile a cheannaíodh caiféanna an cheantair ar maidin, agus coiníní beaga.

Coiníní beaga i gcás, nár mhó é ná mála siopadóireachta. Mar seo a bhí an socrú: ceannaíonn tú coinín, coinníonn tú sa bhaile é ar feadh pé achar ama is mian leat. Ansin, is féidir leat filleadh ar an tuathánach agus tugann sé duit leath an phraghais a d'íoc tú féin, nó is féidir leat do choinín a mhalartú ar choinín nua, ceann níos lú.

Is sealgaire agus iascaire mise a bhfuil taithí agam ar na gnóthaí sin, agus choinnigh mé súil fhoighneach ar na coiníní. Ansin, roghnaigh mé ceann beag, ceann bán. Bhí na coiníní ina lúí i gciorcail, a gcuid srón agus a gcloigne le chéile, agus iad ar crith beagán. Ní raibh an coinín bán ar crith agus chroch sé a chloigeann go cúthail agus d'ísligh arís é. Bhí páistí eile ag teacht timpeall orainn freisin, agus mar sin thuig mé nár mhór dom cinneadh a dhéanamh go beo.

"An gceannóidh muid Gandalf?" a d'fhiafraigh mé.

"Cé?"

Tháinig muid abhaile ón margadh le Gandalf, fuair mé bosca mór ina mbíodh bananaí, agus chuir mé sean-nuachtáin ar na taobhanna agus ar a bhun. Dúirt Daid nár mhór dom é a bheathú le meascán bogthe bainne agus uisce as spúnóg, spúnóg uisce in aghaidh dhá spúnóg bainne, ar feadh cúpla lá, agus nuachtáin úra a chur sa bhosca gach dara lá.

Is féidir liom a rá gur taobh liom féin a bhí an patachán beag an chuid is mó den am, seachas a bheith sa bhosca. Bhí sé ag dul i méid. Chomh luath agus a bhraitheadh sé go raibh mise gar dó, thosaíodh sé ag léim sa bhosca. Sona sásta. Ba sa seomra céanna a bhíodh muid inár gcodladh, mise ar an leaba, agus eisean ina bhosca. Chuirfeadh sé gáirí ort, ach scaití, nuair nach raibh aon duine ag breathnú, thugadh mé píosa seacláide nó leath vaiféil dó.

An tráthnóna sin, mar ab iondúil, bhí muid ag suí ar an mbalcóin le daid. Bhí Gandalf sách mór cheana féin le go bhféadfadh sé éalú as an mbosca cairtchláir. É ina pheata ceart agus tite chun meáchain beagán.

"Cad a dhéanfaidh muid le Gandalf?" a d'fhiafraigh daid.

"Cad atá i gceist agat?"

"Ní féidir linn coinín mór a choinneáil sa bhaile. Agus beidh sé mór i bhfaiteadh na súl. Éireoidh leis dul amach as an mbosca, fiú má cheannaíonn muid ceann níos mó. Ní féidir linn dul á chuardach ar fud an árasáin agus a chac a ghlanadh. Ní féidir ach le coinín beag cónaí in árasán."

"Bhuel, is féidir linn scaoileadh leis i measc na gcnoc áit éigin nó ar mhóinéar sna sléibhte. Ar aon nós, bhí a fhios agam ón tús go mbeadh slán le fágáil aige, ach céard a cheapfá?"

"Bíonn cion ag páistí ar pheataí, ach bíonn cion ag daoine fásta orthu freisin. Rugadh Gandalf i gcás, agus is sa bhaile a tógadh é. Tugtar féar gearrtha chuige, cabáiste, cairéid, tugtar uisce agus seacláid dó agus na vaiféil a thugann tú chuige nuair nach mbíonn aon duine ag breathnú. Ach bíonn saol an dúlra fuar fiáin. Níl a fhios agam an dtiocfadh sé slán agus é leis féin. Is i dteaghlaigh a bhíonn coiníní ina gcónaí, agus níl teaghlach coiníní ag Gandalf. Is muidne a theaghlach.

"Cad faoi é a thabhairt ar ais don tuathánach?"

"Ní inseoidh mé bréag duit. Is páiste thú, ach tá ciall éigin agat. Díolfaidh siad é le duine éigin a itheann coiníní."

"Íosfaidh siad é. Is é an chaoi go maróidh siad é!"

"Sea."

"Tá daoine ann a itheann coiníní?"

"Tá siad ann. Is peata é i do shúile féin, dóibhsean is bia é."

"Le fíon, oinniúin agus spíosraí?"

"Rud éigin mar sin."

"An íosfá féin coinín?"

"An coinín sin a bhí i mo ghabháil agam? Tá mé ag faire air ag fás ó bhí sé an-óg. Ní fhéadfainn é a ithe ná baol air.

"Anois cad a dhéanfaidh muid?"

"Níl a fhios agam. Smaoiníodh muid air."

Rug mé barróg ar mo dhaid. Sheas Gandalf ansin sa bhosca, é socair agus cuma an-dáiríre air. Scaoil sé lena chac. Liathróidí beaga dubha. Amhail is go raibh aoibh gháire air. Léim sé as an mbosca, ansin suas leis chuig an stiall stáin agus thóg sé léim ón mbalcóin.

Rith muid síos os comhair an fhoirgnimh agus chonaic muid é. Bhí Gandalf marbh. Níor tháinig sé as an titim.

Chuir muid isteach i mbosca bróg é, líon mé an bosca le bláthanna, agus chuir mé i bpoll i measc na gcnoc é, faoi chrann, áit arbh fhurasta an talamh a thochailt.

Bhí deireadh tagtha leis na liathróidí caca, le bheith ag coinneáil bia le bolg stiúgtha agus giall alpach. Ach, ní bheadh na súile lán buíochais ag breathnú orm a thuilleadh ach an oiread, súile an choinín bhig theolaí.

Is é ceacht an scéil é ná... ní ceacht é i ndáiríre. Níl pioc de dhifríocht idir bolg an duine agus bolg an ainmhí. Tá difríocht eatarthu i dtaobh chruth an ghialla. Níl fiacla an duine chomh géar, ach is ann do shéaltáin agus teanntáin fiacla. Bíonn siad chomh fíochmhar agus chomh doshásaithe lena chéile. Is é an gá céanna atá acu atá le feoil úr. Is cuma cé acu an í feoil úr an duine atá i gceist nó feoil úr ainmhí.

Scéal faoin Aingeal

D'fhás mé aníos agus d'éirigh mé ró-shean le bheith ag spraoi le bumbóga, turtair agus coiníní. Níl baint ar bith ag an scéal seo leis an loch ach an oiread.

Ná níl trácht ar bith ar mo dhaid sa scéal seo. Is duine fásta mé anois. Tá beagnach cúig bliana déag imithe tharainn ó tharla an scéal roimh an gceann seo. Is bean óg mé anois agus mé ag freastal ar an ollscoil cheana. Is duine fásta coinsiasach mé. Ní thuigeann na daoine óga an dúil san óige. Is pribhléid a bhíonn ag seandaoine amháin é an cumha i ndiaidh na hóige.

Táim ar mo laethanta saoire. An fharraige, cairde. Bhí muid ag dul ag bialann i gcomhair lóin. Bhí gach duine á iompar féin go stuama: níor chuir muid amú an iomarca airgid, sa chaoi is go mbeadh ár ndóthain fágtha againn chun sult a bhaint as an dá nó trí lá a bhí fós romhainn. Agus sa chaoi is go mbeadh airgead curtha ar leataobh againn le haghaidh ticéad fillte agus cúpla buidéal uisce.

An lón deireanach dár gcuid. Shocraigh muid eadrainn go gcuirfeadh muid síneadh leis go dtí am suipéir. Tháinig an freastalaí, fear a raibh léine bhán air agus croiméal scáinte, agus gan an chuma air go raibh mórán súil aige le síneadh láimhe ó mhic léinn. D'ordaigh an chuideachta feoil agus prátaí. Tá sé ró-the amuigh faoin spéir. Farraige breac le héisc, agus is í an fheoil atá á hithe acu. Lean an lón ar aghaidh agus ar aghaidh agus suipéar luath a bhí ann. Amárach, is dócha nach mbeidh dóthain airgid fágtha againn ach i gcomhair smailceacha. Ach go seasa sé go mbeidh muid ar ár sáimhín só. Tá lucht an cheoil ag fáil faoi réir. Tá aionna na hoíche ag teacht de réir a chéile. Séiseanna suaimhneacha do dhaoine séimhe, a bhíonn ag ithe, ag ól agus ag damhsa. Atmaisféar réidh an tsamhraidh.

Tá aird na n-aionna ar bhuachaill, ar fhear, ní fheadar cé acu. Tá na cailíní ag díriú air, agus seachnaíonn sé go slítheánta iad. Is é an rud is mó a chuirfeadh iontas ort ná nach bhfuil na fir thart timpeall orainn in éad leis. Tá sé amhail is gurb é an rud is nádúrtha ar domhan dóibh é ligean dá gcailíní agus dá mná céile aird leaid éigin a tharraingt orthu féin. Is duine fásta mé anois; duit mé é sin leat cheana. Táim ag faire air, as cúinne mo shúile. Ar an gcéad amharc, ní maith liom é. Ní maith liom buachaillí a ghléasann iad féin mar sin. Léine bhán, treabhsar bán, stocaí bána, agus, thar aon rud eile, bróga bána. Níl aon mheas agam ar chulaith a bheadh ar réalta rac-cheoil, ach ní aithním céard a spreag stíl an leaid sin. Agus tá sé bán san aghaidh, mílíteach, ar nós go bhfuil drochghalar curtha de aige. A chuid gruaige, d'fhéadfá a rá go bhfuil sí ar dhath an óir. Ach tá súile aisteacha aige, iad dubh dorcha. Gan imreasc, gan scléara bán, tá gach rud chomh dubh leis an mac imrisc. Na cailíní go léir, roinnt fir aeracha, iad go léir thart timpeall air. Is aisteach an chaoi ar éirigh leis fanacht as féin, ar nós cuma liom agus é ag diúltú go galánta do chách.

Is sealgaire agus iascaire oilte mise, agus d'fhan mé go mbeadh gach duine tar éis tabhairt faoi, an teip a chur díobh leo féin, ionas nach mbeinn féin ciontach as rud ar bith. Ach bhí sé mealltach ar bhealach aisteach éigin, bhí suaimhneas agus tost ann.

Nuair a thug mé faoi deara go raibh gach duine tar éis tabhairt faoi, chuaigh mé suas chuige agus ba mhó fós an mealladh draíochta sin a mhothaigh mé. Níor chuir mise mé féin in aithne dó, ach shuigh mé taobh leis ar an mbord agus d'fhiafraigh mé de an bhféadfainn cuidiú leis le haon rud.

Bhreathnaigh sé thart. Bhí cufróga thart timpeall imeall na plásóige thart ar an mbialann. Taobh thiar díobh siúd, bhí cúpla binse adhmaid ann. Níos faide siar arís, ní raibh ann ach an trá agus an fharraige.

"Sea, d'fhéadfá," a dúirt sé, "tar anseo roimh éirí na gréine, chuig na binsí seo."

6/2

Tá sean-aithne agamsa ar an tráth sin roimh bhreacadh an lae. Níl an ghrian ina suí go fóill, ach tá an oíche thart. Tá sé chomh luath nach bhfuil an mhaidin cinnte di féin fós. Bhí an bheirt againn ann in am.

"Ar mhaith leat cuidiú liom i ndáiríre?"

"Ba mhaith."

"Leag do lámha ar mo dhroim."

Rinne mé é sin, ach níor mhothaigh mé rud ar bith ach amháin a léine bhog. Sin é a dúirt mé leis freisin.

D'éirigh sé ina sheasamh ón mbinse agus thosaigh sé ag baint de a léine.

"Ach fan ort, tá sé ró-luath chun do chuid éadaí a bhaint díot, níl aithne ar bith agam ort fós."

Ní dúirt sé focal, ach bhain sé de a léine, d'iompaigh sé a dhroim liom agus shuigh sé ar an talamh os mo chomhair amach.

"Cad é a fheiceann tú?" a d'fhiafraigh sé.

Bhí an chnámh droma ag déanamh dhá leath dá dhroim. Ar gach aon taobh, chomh fada céanna ón gcnámh droma, bhí dhá mharc, iad siméadrach agus ar comhfhad, ag síneadh ón tríú veirteabra go dtí lár a dhroma.

"Céard a d'fhág na coilín sin ort?"

"Is Aingeal mé. Chuir an eitilt tuirse orm is thit mé i mo chodladh. Rug daoine dom agus ghearr siad díom mo sciatháin, agus anois ní féidir liom dul ar ais ag m'athair."

"Bhuel, conas a d'fhéadfá dul ar ais ag d'athair?"

"Dá bhféadfainn eitilt idir an dá aill sin agus ansin dul díreach i dtreo na gréine. Is ansin atá mo dhaid."

Thosaigh mé ag smaoineamh ar chuidiú leis an Aingeal a bhí tite sáinnithe.

"Agus conas atá neamh?"

Thosaigh sé ag míniú dom faoin na hAingil, na hArdaingil, na Ceiribíní, a gcuid grád, ach is beag aird a thug mé air. Bhí mé ag déanamh amach conas cuidiú leis. Agus i bhfaiteadh na súl lig mé amach scread amhail is gur ghinearál Rómhánach mé a bhí díreach tar éis filleadh le gártha caithréime ar an Róimh.

"Tar anseo amárach, ag an am céanna. Má bhíonn an lá go breá, beidh linn."

"Bhí a fhios agam é, bhí a fhios agam é," a scread an tAingeal.

6/3

Ní raibh mé déanach. Ach bhí seisean ina shuí ar an mbinse agus é ag fanacht.

Tháinig mé agus dhá iolar agam a raibh cochall thar a gcloigeann. Is sealgaire agus iascaire oilte mise, agus bhí a fhios agam cheana féin conas iad a ghabháil agus a cheannnú. Bhí fáinne miotail ar na hiolair a raibh slabhra iarainn i bhfostú air, ceann ar gach cos.

Ar an dá shlabhra a bhí ag síneadh ó chosa na n-iolar, bhí lúba iarainn níos mó, sách mór le go bhféadfá do lámh a chur tríothu, ionas gurbh fhusa é iad a threorú sa spéir, agus greim a choinneáil orthu mar a dhéantar sa ghleacaíocht.

Rug an t-aingeal ar na lúba, tharraing sé orthu féachaint an raibh siad i ngreim docht ar an slabhra, thug sé léim bheag agus in airde leis. Bhí cogar éigin uaidh ar nós "go raibh maith agat", rud éigin nach raibh mé in ann a thuiscint.

Go deimhin, ní féidir fir a thuiscint agus iad ag glacadh buíochais leat. Agus eitleoidh na fir bhreátha go léir ó do shaol, go háirithe má thugann tú an deis sin dóibh.

D'eitil na hiolair chuig na haille, agus cheap mé go bhfeicfinn spota ar fhíor na spéire agus ansin dada. Ach ní mar sin a bhí. D'imigh siad as radharc orm agus iad san fhoraois.

Tar éis dom trí lá a chaitheamh ag cuardach, fuair mé cnámharlach an Aingil i nead theolaí na n-iolar. Bhí gach uile phioc feola ite dá cholainn. Ní raibh fágtha ach an bhlaosc, na cnámha agus na súile. Ní féidir le duine ar bith súile Aingil a ithe. Ní dhúntar na súile choíche, fiú agus an tAingeal ina chodladh. Trí na súile sin, feiceann Dia cad é atá ag tarlú ar an talamh. Bhí géaga saileach triomaithe sa nead. I measc na nduilleog triomaithe, bhí bumbóg. Ceann mór, agus stríoca dubha agus dúbhuí thart timpeall na colainne uirthi.

"An tusa an Bhumbóg ón loch?"

"Is mé."

"An ceann ceannann céanna?"

"Is ea."

"Ar mhaith leat go dtabharfainn abhaile thú, chuig an loch?"

"Ba mhaith."

D'fhéadfainn eitilt thar na cnoic agus thar an sliabh, ach bhí mearbhall curtha orm ag an tsaoirse gan choinne a mhothaigh mé. Chuir an chorraíl a bhí orm amú mé agus thosaigh mé ag druidim i dtreo na farraige. Agus tú ar bís, is féidir leat dul ar strae ar do bhealach abhaile. Nó do bhaile a chailleadh. "Teannadh muid linn," a dúirt mé.

7.

Iarscéal.

Mar ab iondúil, ní raibh mo dhaid ann nuair a tháinig mé abhaile. Ag iascaireacht a bhí sé, ag an loch. Bhí an Bhumbóg chomh patuar le duine ar bith a d'fhág an chléir, agus bhí fonn uirthi an daichead nóiméad tiomána sin a chaitheamh sa phróca gloine, agus é de leithscéal aici nach mbeadh sí ag cur as dom is mé ag tiomáint.

Agus muid ag teannadh leis an mbruach, bhí an tslat iascaireachta agus an baoite á luascadh i dtreo an uisce ag mo dhaid.

Ba é an caipín iascaireachta céanna a bhí air.

Ar dtús, d'oscail mé an próca chun an Bhumbóg a scaoileadh saor. Bhí sí sona sásta, agus thosaigh sí ag eitilt thart ar na bláthanna, na duilleoga, na géaga. Go tobann, cosúil le píolóta *kamikaze*, thosaigh sí ag crónán agus thug sí ruathar eitilte faoin loch. Bhí faitíos orm go bhféadfadh sí mo dhaid a ionsaí. Ach níor ionsaigh. Ní dhearna an Bhumbóg ach eitilt taobh lena chaipín, í ag díriú ar an loch. Nocht cloigeann éisc as an loch. An carbán crosach, ba é an carbán crosach a bhí ann! D'oscail sé a bhéal, shlog sé an Bhumbóg, chuir sé a chloigeann isteach faoin uisce agus thosaigh sé ag slaparnach go sona sásta lena eireaball ar an dromchla.

Theann mé le daid nuair a thosaigh sé ag leagan na slaite iascaireachta i leataobh in aice leis an seanmhála iascaireachta. Ansin, phioc sé suas seanshliogán folamh a bhí caite ar an trá. Ghlan sé go cúramach é, taobh istigh agus taobh amuigh. "An gcuideoidh tú liom?" a d'fhiafraigh sé díom.

"Cuideoidh, cinnte."

Bhí súil agam le cúpla focal, b'fhéidir barróg. An méid sin féin.

"Tá mé beagán tuirseach. Ba mhaith liom mo scíth a ligean. Tiontóidh mé i mo ghráinne gainimh agus luífidh mé síos sa sliogán seo. Brúigh tusa dhá thaobh an tsliogáin le chéile agus fág sa loch mé. Más gráinne gainimh mé, seans go n-iompóidh mé i mo phéarla lá éigin." Dhún mé an sliogán agus isteach liom sa loch. Nuair a bhí an t-uisce chomh hard le mo mhúineál, d'fhág mé an sliogán sa loch. Ní raibh sé i bhfad ag dul as radharc orm, agus ní fhaca mé go brách arís é.

Shuigh mé ar bhruach an locha.

Uair éigin sula ndeachaigh an ghrian faoi, tháinig turtar i mo threo go mall ó thaobh na láimhe deise.

"Muidne, na turtair, is annamh linn uisce a ól. Ach níl mé ag iarraidh an deis a chailleadh chun uisce a ól ón loch draíochta."

Ón taobh clé, tháinig coinín.

"Fanfaidh mé i gcomhair na maidine, agus ansin ólfaidh mé ón loch," a dúirt sé, "bíonn an t-uisce blasta an tráth sin, agus is beag nach mbíonn draíocht ann."

Thosaigh an ghrian ag dul faoi.

Ansin bhí sé dorcha. Dubh dorcha. Bhí an dorchadas chomh trom le luaidhe, ach é bog ar chaoi éigin freisin. Oíche dhubh dhorcha, chomh dubh le súile an Aingil.

Gan réalta ar bith sa spéir.

Bhí an Ghealach mór, í lán agus gar don Domhan. Ní raibh aon cholm uirthi, ón amhras dóite ná ón drochmhuinín, ní raibh dath na fola nite stálaithe uirthi, ná an dath a bheadh ar smionagar an ghrá agus na dúile, ná dath an dóchais spíonta. Bhí sí mór agus bhí sí lonrach. Cosúil le péarla a bhí ligthe i ndearmad, a fuarthas gan choinne i seanchóifrín...